Galway Advertiser
Déardaoin 5 Samhain 2026

Sobal

NUACHT | CULTÚR | SAOL



Labhraíonn James Reihill ó Smart Medical faoi threalamh leighis le Gaeilge

Lch 3



Hup scraitheachaí!

Buaiteoirí Chontae na Gaillimhe ag Oireachtas na Samhna

Lch 4

‘Gá le straitéis lóistín do thurasóirí’ a chloiseann coiste Gaeltachta

Bill Breathnach

Dúradh le Comhchoiste Gaeltachta an Oireachtais go bhfuil gá le straitéis lóistín do thurasóirí sa nGaeltacht de bharr go bhfuil daoine óga ann “á gcoinneáil amach ón margadh tithíochta.”

Dúirt an Dr Ann Nolan ó Choláiste na Tríonóide go bhfuil ”impleachtaí sa bhreis” ag easpa tithíochta sa nGaeltacht ar “inmharthanacht na Gaeilge mar theanga phobail sa todhchaí”, agus í ag labhairt di os comhair an chomhchoiste i dTeach Laighean, Dé Máirt seo caite.

Foilsíodh tuairisc a bhí bunaithe ar thaighde a rinne an Dr Nolan faoi chúrsaí tithíochta sa nGaeltacht i gCorca Duibhne, Co Chiarraí, an mhí seo caite.

Agus í ag labhairt faoi mholtaí na tuairisce seo, dúirt sí gur chóir do ranna rialtais éagsúla teacht le chéile le plean a fhorbairt le tithíocht phoiblí agus shóisialta a thógáil sa nGaeltacht.

Níor cuireadh an moladh seo i bhfeidhm i mBuiséad 2027, cé gur foilsíodh an tuairisc seo sular dhréachtaigh an rialtas an buiséad.

“An moladh uileghabhálach atá againne sa staidéar ná gur chóir go bhforbróidh an rialtas ina iomláine freagra comhordaithe do thithíocht i gceantair Ghaeltachta,” a dúirt an Dr Nolan.

“Aithnímid nach féidir ceisteanna maidir le hinacmhainneacht thithíochta, cumas an phobail fanacht nó filleadh ar cheantair Ghaeltachta, agus todhchaí na Gaeilge mar theanga phobail a scaradh óna chéile.”

Chuir líon na dtithe saoire agus lóistín gearrthéarmach - mar a bheadh ar Airbnb - imní ar na rannpháirtithe Gaeltachta a ghlac páirt sa staidéar a rinne an Dr Nolan agus a foireann.

Rinne an fhoireann “cuardach arís is arís eile” ar shuímh gréasáin cosúil le Airbnb.com agus Daft.ie ach ní rabhthas in ann teacht ar theach amháin a bhí le fáil ar cíos ar bhonn fadtéarmach.

Agus í ag labhairt di i dTeach Laighean, cheistigh an Dr Nolan cén chaoi ina bhféadfadh an turasóireacht a bheith inmharthanach “nuair a bhraitheann sé ar phobail nach bhfuil, de réir a chéile, in ann tithíocht a chur ar fáil dá ndaonra áitiúil.”

“Ní raibh teach ar bith le fáil ar cíos ar bhonn fadtéarmach i nGaeltacht Chiarraí Thiar le linn na tréimhse sin, ach bhí os cionn míle áit ar fáil go gearrthéarmach ar Airbnb i gCorca Dhuibhne,” a dúirt sí.

Dúirt an Dr Nolan freisin go raibh an baol ann nach an rialtas ag glacadh le Gníomh Tithíochta Inacmhainne Choimisiún an Aontais Eorpaigh, nó le Ráiteas Náisiúnta Pleanála, i dtaobh a bpolasaithe tithíochta don Ghaeltacht.

“Tarraingítear ceisteanna bunúsacha anuas inár gcás samplach faoin bhféidearthacht atá ann príomhsprioc an Ráitis Náisiúnta Pleanála a bhaint amach,” a dúirt sí



An Dr Ann Nolan

NAZA: Léargas lom ar bhrúidiúlacht chaoch na teicneolaíochta



Bill Breathnach Eagarthóir Sobal



Bhí ciúnas aisteach, míshuaimhneach le n-aireachtáil i bpictiúrlann an IMC i nGaillimh oíche Dé Luain nuair a taispeánadh an scannán *NAZA*.

Tá an léiriúchán bunaithe ar fhianaise béil a thugann 24 duine anaithnid ó arm agus seirbhís fháisnéise Iosrael a ghlac páirt sa gcinedhíothú i nGaza.

Den chuid is mó, déanann siad cur síos lom, gonta ar an gcaoi a bhain Iosrael úsáid as córais Intleachta Saorga (AI) le cinní a dhéanamh faoi láithreacha a bhí á n-áireamh mar thargaidí le haghaidh buamála.

Tagann teideal an scannáin ó théarma míleata in Iosrael atá mar acrainm ar na focail *Nezek Agavi* - nó "damáiste comhthaobhach" san Eabhrais.

Aisteach go leor, bhí formhór mór den lucht féachana i nGaillimh - mé féin san áireamh- ag suí sa bpictiúrlann ina n-aonar, gan fonn orthu breathnú ar an léiriúchán le duine ar bith eile is léir.

Tá na scannánóirí Rachel Szor agus Yuval Abraham tar éis ard-mholadh agus géarcháineadh araon a tharraingt orthu féin lena saothar.

Sheas an lucht féachana ar feadh 24 nóiméad le bualadh bos a thabhairt ag deireadh première an scannáin i Vín na hOstaire ag an bhféile scannánaíochta chlúiteach sa gcathair sin, mí Mheán Fómhair .

In Iosrael é féin ar ndóigh, d'fhógair Príomh-Aire na tíre Benjamin Netanyahu go raibh plean ag an rialtas reachtaíocht a chur i bhfeidhm le píonós a ghearradh orthu siúd a rinne "clúmhilleadh" ar shaighdiúirí Iosraelacha. Dúirt an tAire Cultúir Miki Zohar freisin gur cheart go dtarraingeofaí siar saorántacht na scannánóirí.

Tharraing an saothar cáineadh freisin ó ghníomhaithe áirithe ar thaobh na Palaistíne de bharr gur leag sé níos mó béime ar léargas na saighdiúirí Iosraelacha ná ar pheirspictíocht mhuintir Ghaza. Bhí faitíos ar na daoine seo go mbeadh níos mó trua ag an lucht féachana ar an dream atá ciontach ná ar na híospartaigh.

Cuireann sé i gcuimhne b'fhéidir an jóc searbhasach a dhéanann an fear grinn Albanach Frankie Boyle faoi scannáin a dhíríonn ar mhíliteachas Mheiriceá;

"Ní amháin go rachaidh Meiriceá go dtí agus maróidh siad do mhuintir ar fad - ach níos measa arís, 20 bliain níos déanaí, déanfaidh siad scannán faoin gcaoi go raibh an-bhrón ar a saighdiúirí de bharr gur mharaigh siad do mhuintir."

Ar ndóigh, níor bhain an scannán úsáid as mórán íomhánna grafacha i nGaza i gcomparáid le cuid den stuif atá le fáil ar líne. Don chuid is mó, dhírigh an ceamara ar spéirlíne Tel Aviv agus ar scáthchruthanna na rannpháirtithe a bhí faoi agallamh, agus iad clúdaithe le dorchadas na hoíche.

Ach in ainneoin seo, bhí sé deacair trua a bheith ag an lucht féachanna do na rannpháirtithe Iosraelacha a bhí faoi agallamh.

An téama ba shuntasaí a sheas amach sa scannán ná an chaoi gur chuir úsáid na teicneolaíochta bac orthu comhbhá a bheith acub dá n-íospartaigh.

Ba léir i gcaoi eicínt go raibh an teicneolaíocht seo tar éis na saighdiúirí a scaradh ón daonnacht.

Mar a dúirt duine amháin acub, "Tá ról teicniúl agam. Ní chóir dom seasamh morálta nó prionsabálta ar bith a léiriú."

Ag deireadh an scannán, d'fhan gach duine ina dtost le breathnú ar na teidil chreidiúna agus ciúnas aisteach, míshuaimhneach le n-aireachtáil fós.

An Ghaeltacht ina limistéir nuálaíochta náisiúnta

Peadar Mac Fhlannchadha

Ceannaireacht na nÓg, inmharthanacht phobail, agus an fhostaíocht atá mar chroílár plean straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2026-2030.

Rinne Dara Calleary, an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, an plean a sheoladh an deireadh seachtaine seo caite ag Oireachtas na Samhna.

Tá béim faoi leith sa phlean straitéiseach ar chúrsaí nuálaíochta, agus an Ghaeltacht ainmnithe mar Limistéir Nuálaíochta Náisiúnta, áit a mbeidh an deis ann polasaithe náisiúnta a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach

Anuas air sin, tá sé mar aidhm sa straitéis go mbeadh 30 comhlacht ar cheann na nuálaíochta á chruthú ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga oibre.

Dúirt Tomás Ó Síocháin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, "Is é croí na straitéise seo líon na ndeiseanna cainte Gaeilge a mhéadú agus cur le hinmharthanacht na bpobal Gaeltachta. Ní féidir todhchaí na Gaeilge a scaradh ó thodhchaí eacnamaíoch agus shóisialta na Gaeltachta."

"Trí infheistíocht sa teanga, san aos óg, sa nuálaíocht, sa phobal agus san fhostaíocht, táimid ag leagan bunchloch láidir don chéad ghlúin eile agus ag cinntiú go mbeidh an Ghaeltacht ina háit bhríomhar chun cónaí, obair agus gnó a dhéanamh inti."

Faoi láthair tá 9,716 duine fostaithe i gclantchomhlachtaí an Údaráis agus deirtear go ndíreoidh an straitéis nua ar chaighdeán agus líon na bpost sin a mhéadú agus iad dírithe ar scileanna phobal na Gaeltachta.

Beidh béim ar leith ar tháirgiúlacht na gcomhlachtaí sin, go mbeidh teacht aniar iontu agus go mbeidh siad seasmhach i ndomhain atá de shíor ag athrú.

Beidh deis tógáil ar bhuntáistí agus acmhainní nádúrtha na Gaeltachta in earnálacha a bhfuil fás i ndán dóibh, ar nós fuinneamh inathnuaite, teanga, teicneolaíocht agus taighde.

Beidh béim ar thacaíocht do chomhlachtaí iad féin a ullmhú do dhúshláin na todhchaí. Moltar go n-ardófar ráta úsáide na moil dhigiteach go 70% agus tacófar le 50 printíseach in aghaidh na bliana go dtí 2030.

De réir fhigiúirí Údarás na Gaeltachta cruthaíodh beagnach 2,000 post nua i gcliantchomhlachtaí a fhaigheann tacaíocht ón Údarás ó 2021 i leith.

Tá 9,716 duine fostaithe sna comhlachtaí sin anois, agus tá díolachán breis is €1 billiún bainte amach acu.

Le linn na tréimhse céanna, infheistíodh €65 milliún i dtionscadail chaipitil agus méadaíodh maoiniú an Chiste Forbartha Pobail faoi 58%.

Forbraíodh an straitéis i ndiaidh próiseas cuimsitheach comhairliúcháin le pobail, eagraíochtaí forbartha pobail, gnólachtaí agus páirtithe leasmhara ar fud na Gaeltachta.



Seoladh Straitéis 2026-2030 Údarás na Gaeltachta ag Oireachtas na Samhna I gCill Áirne - Comhaltaí Boird Údarás na Gaeltachta le Tomás Ó Síochán Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta agus Aire na Gaeltacht, Dara Calleary

TG4 ag breathnú i dtreo an chéad 30 bliain eile

Bhí TG4 ag ceiliúradh 30 bliain ar an saol le linn an Oireachtais, iad ag breathnú siar agus ag breathnú chun cinn ar na forbairtí atá de dhíth don tréimhse atá amach roimh an stáisiún.

Mar chruthúnas ar rath na seirbhíse sa tríocha bliain atá caite thrácht Deirdre Ní Choistín, Ard-Stiúrthóir TG4 ar an méid a bhí le rá Michael D Higgins, an tAire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta ag an am, ar oíche na hoscailte.

Dúirt sí, "Táim ag tnúth leis an am a bheidh Teilifís na Gaeilge ina rogha, ní hamháin i measc na ndaoine a úsáideann an Ghaeilge mar a dteanga laethúil ach freisin i measc thromlach phobal na tíre atá fabhrach don teanga agus a aithníonn a sainiúlacht agus a tábhacht bhunúsach mar chuid dár gcultúr."

"Nuair a seoladh TnaG, cuireadh tús le ré nua spreagúil don Ghaeilge ó thaobh na cruthaitheachta agus an aitheantais chultúir. Mar Ard-Stiúrthóir ar TG4, ní hamháin go bhfuil sé de phribhléid agam súil a chaitheamh siar ar an scéal TG4 go dtí seo, ach tá sé de fhreagracht orm freisin a chinntiú go bhfuil TG4 ullamh don todhchaí dhigiteach."

"Tá athrú ó bhun tagtha ar an tírdhreach meán cumarsáide ó bunaíodh an stáisiún in 1996 ach tá an cuspóir atá againn chomh tábhachtach is a bhí riamh: freastal ar an lucht féachana le hábhar Gaeilge sainiúil agus ar ardchaighdeán agus a chinntiú go bhfuil áit lárnach ag TG4 i saol an lae inniu."

Mar chuid den chlár oibre seo sheol TG4 mórfheachtas nua do Súil Eile chomh maith le TG4+, leagan nuadheartha de sheinnteoir TG4, ag an Oireachtas. Tá forbairt shuntasach eile ar an mbealach freisin le seirbhís nuachta digití Nuacht TG4 le seoladh roimh dheireadh na bliana agus leanfar le forbairt Cúla4 mar chainéal don óige. Dar le TG4 Is léiriú iad na nithe sin ar fad ar na céimeanna móra atá glactha ag

TG4 chun ullmhú don todhchaí agus gur léiriú iad freisin ar uaillmhian TG4 don 30 bliain atá le teacht.

Rinne TG4 coimisiúnú i mbliana ar thaighde ó Bricolage, gníomhaireacht taighde margaidh, chun cuidiú leo tuiscint a fháil ar mhianta agus an méid a theastaíonn ó lucht féachana TG4, agus ar na nithe a spreagann iad agus mar a mhothaíonn siad ag féachaint ar ábhar TG4.

Ceann de na torthaí ba spreagúla ná gur mhothaigh an lucht féachana bródúil ag féachaint ar TG4. Ar fud na ngrúpaí lucht féachana ar fad, is siamsaíocht agus giúmar a smachtú bhí chun cinn mar na riachtanais is mó.

Tá sé beartaithe ag an stáisiún torthaí an taighde a úsáid maidir leis an gcaoi a dtabharfar faoi straitéis ábhair, sceidealú, margaíocht agus láithreacht bhranda amach anseo.

Beidh ar TG4 tabhairt faoin gclár oibre seo in ainneoin easpa tacaíochta cuí ón Rialtas. B'ábhar mór díomá é don stáisiún nár tugadh aon mhaoiniú breise dóibh tráth a fógraíodh cáinaisnéis 2027.

Bhí éileamh déanta acu ar ardú bhuiséad bunaithe ar phlé le Coimisiún na Meáin faoi fhorbairt an stáisiúin. Is fada pobal na Gaeilge ag déanamh comparáide idir mhaoiniú TG4 agus an cainéal S4C sa Bhreatain Bheag, a fhaigheann maoiniú breis agus €100 milliún sa bhliain.

Cé go bhfuil an ról céanna ag TG4, ní fhaigheann an stáisiún ach €65.5 milliún sa bhliain.

TULCA ag eagrú turais ealaíne don óige

Reáchtálfar an fhéile TULCA, Féile Amhairc Ealaíne, i gcathair na Gaillimhe ón 6 – 22 Samhain.

Mar chuid den Fhéile beidh turas dánlainne á eagrú don aos óg le linn na féile agus sraith cheardlanna sna míonna théis na Féile.

Beidh na himeachtaí seo ar siúl i nGaeilge agus i mBéarla agus faoi láthair tá TULCA ag lorg meánscoileanna agus eagraíochtaí a mbíonn ag obair le déagóirí, chun páirt a ghlacadh sa ghné seo den Fhéile.

Is éard atá beartaithe nó turas 45 nóiméad ar cheann de na dánlanna atá páirteach le TULCA. Ar an turas seo, beidh na déagóirí ag plé na saothair ealaíne, le béim ar thuairimí an duine óg agus a féinmhuinín chruthaitheach a spreagadh.

Tar éis na féile, eagróidh Aoife Trang Hennessy, Oifigeach Oideachais TULCA, agus Aoife Natsumi Frehan, Comhordaitheoir Oideachais TULCA, cuairteanna ar na grúpaí a d'fhreastail ar na taispeántais chun ceardlann mhachnamhach a dhéanamh leo bunaithe ar an turas dánlainne.

Tógfaidh an cheardlann seo thart ar 1-2 uair a chloig agus beidh siad ar siúl sna meánscoileanna nó sna hionaid ina mbuaileann na heagraíochtaí óige le chéile.

Is féidir le meánscoileanna agus grúpaí óige spéis a léiriú ach teagmháil a dhéanamh le hAoife Trang Hennessy ag gaeilge@tulca.ie

Smart Medical: Gnó a chuireann an Ghaeilge chun cinn in earnáil an chúraim sláinte



Tar éis dó a bheith ag obair mar altra, bhunaigh James Reihill gnó a chuireann trealamh leighis le Gaeilge ar an margadh

Bill Breathnach

"I rith Covid, bhí mé ag obair mar altra istigh san ospidéal i nGaillimh agus dúirt mé liom féin, 'Tá mé ag iarraidh rud eicínt eile a dhéanamh ach níl a fhios agam céard é féin go díreach'."

"Chuaigh mé ag obair le comhlacht idirnáisiúnta a bhíonns ag díol trealamh leighis agus uaidh sin, dúirt mé liom féin, 'Tá mise in ann é seo a dhéanamh' - ní chomh mór is a bhí siadsan á dhéanamh ag an am. Ach chuaigh mé i dteagmháil le cúpla comhlacht nach raibh aon duine acu sa tír seo a bhí ag díol an trealamh a bhí acu agus dúirt mé go dtriailfidh mé é"

Déanann James Reihill cur síos ar an inspioráid taobh thiar de *Smart Medical* - gnó a bhunaigh sé i 2023 a dhíolann trealamh leighis agus atá lonnaithe sa Spidéal.

Thosaigh an gnó amach ag díol défibrileoirí (defibrillators) agus nuair a cuireadh tús leis, thug James faoi deara nach raibh a dhóthain défibrileoirí poiblí ar fáil i gContae agus Cathair na Gaillimhe.

"Chuaigh mé i dteagmháil le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, agus ag an am ní raibh défibrileoir ar bith sa bhFaiche Mhór, agus ní raibh ceann feiceálach in aon áit. Dúirt mé, táimid ag iarraidh iad seo a chur in áiteanna a dhéanfadh difríocht do na daoine atá ag siúl trí Chathair na Gaillimhe, agus d'éirigh linn é sin a dhéanamh," a deir sé.

Teicneolaíocht leighis le Gaeilge


D'fhorbair *Smart Medical* an chéad défibrileoir ar domhan a labhraíonn Gaeilge, agus is léir go bhfuil ag éirí go maith leis an togra mar faoi láthair, tá gach défibrileoir poiblí atá i gCathair na Gaillimhe dátheangach.


"Croílár an ghnó seo ná an Ghaeilge. Go leor den saol Gaeltachta - taobh amuigh den ealaíon, agus an ceol, agus an cultúr fíor-speisialta atá a'ainn, níl mórán de rogha ag na daoine sna Gaeltachtaí a gcúram sláinte a fháil i nGaeilge," a deir James.

"Ní d'airgead a bhí mé ag iarraidh an togra sin a dhéanamh ach don teanga agus don saibhreas an teanga agus do na daoine amach romhainn. B'fhéidir ag lá eicínt go mbeidh seirbhís iomlán trí Ghaeilge sa tseirbhís sláinte in ann a bheith ann do dhaoine a bheadh sé sin uathu."

Ach ní hé an défibhrileoir Gaeilge an t-aon ghléas a dhíolann *Smart Medical* a bhíonn ag plé le cúrsaí teanga. Anois, tá an comhlacht ag cur gléas eile ar an margadh a ligeann d'othair labhairt le duine ar bith i bpé teanga gur mian leo agus déanfaidh sé aistriúchán láithreach air.

"Bíonn muid ag déanamh go leor bogearraí (software) do na hotharcharranna sa tír seo. Chonaic mé, ó thaobh cúrsaí aistriúcháin de, go raibh go leor daoine nach raibh ann dul i dteagmháil le dochtúirí nó altraí san ospidéal toisc nach raibh Béarla acu," a mhíníonn James.





"Fuair mé trealamh - *Pocketalk* an t-ainm atá air, agus is éard a dhéanann tú leis ná roghnaíonn tú dhá theanga. Abair dá ngabhfadh tusa isteach ag ospidéal nó, ag dochtúir nó ag an fisió nó duine ar bith, agus ní raibh tú in ann iadsan a thuiscint, bheadh tú in ann an cnaipe a bhrú agus an comhrá sin a bheith agat leis an duine sin trí cibé teanga a bhí is láidre a bhí agatsa."

"An rud a ndeirtear istigh ann, na focail a deir muide, níl muid in ann iad sin a fháil ar ais riamh arís. Ó thaobh cúrsaí GDPR, seo é an t-aon cheann atá go hiomlán comhlíontach. Sin é an fáth go bhfuil sé in úsáid sa chúram sláinte sa tír seo agus go leor, leor áiteachaí eile ar nós Oispís na Gaillimhe."

Tá James den tuairim gur féidir leis an ngléas seo cuidiú go mór le hothair Ghaeltachta atá istigh san ospidéal má airíonn siad níos compordaí Gaeilge a labhairt.

"D'oibrigh mise mar altra sa Mater, i mBaile Átha Cliath agus do na cúpla bliain a bhí mé thuas ansin níor labhair mé Gaeilge uair amháin le duine ar bith," a deir sé.

"Ach nuair a tháinig mé go Gaillimh, chuala mé na hothair seo, na seandaoine ag teacht isteach nó na daoine óga agus na tuismitheoirí b'fhéidir. Sin é an chéad uair go bhfaca mise othair ag teacht isteach a bhí níos compordaí ag labhairt Gaeilge ach bhí orthusan iompú ar an mBéarla mar gheall go rabhadar san ospidéal."

"Samhlaigh dá mbeadh duine eicínt le néaltrú (dementia) nó galar Alzheimer orthu ach dá ngabhfaidís isteach in ospidéal nach labhraíonn aon duine Gaeilge ann. Agus má iompaíonn siad siar ar an teanga dhúchais, céard a dhéanfá."

"Anois tá rud éicint ann, tá tú in ann éisteacht leis an othar seo agus labhairt leo. B'fhéidir go ndéanfadh sé sin difríocht d'othar amháin sa tír seo sa todhchaí agus dhomsa bheinn an-bhródúil dá n-úsáidtear *Poketalk* le haghaidh an jab sin a dhéanamh."

Na dúshláin a bhaineann le saol an ghnó

Ar ndóigh, bhí sé dúshlánach do James tosú amach i saol an ghnó tar éis dó a bheith ag obair mar altra agus dar leis bíonn neart oibre ag baint le cúrsaí margaíochta agus riaracháin tar éis dó gléas nua a aimsiú.

"Is cuma céard atá tú a dhíol - an rud is luachmhaire ar domhan nó rud eicínt atá cúig cent déag - má tá tú ag dul ag labhairt le aon duine agus ag iarraidh rud eicínt a dhíol, an t-aon rud atá ann ná comhrá," a deir sé.

"Ag an am, an trealamh a bhí a'am bhí sé go maith, na custaiméirí a bhí a'am, bhí aithne a'am orthu, bhíodar ag ceannach rudaí uaim - ach níor thuig mé an méid oibre a bhí taobh thiar dhó - chuile shórt eile seachas an jab é féin."

"Anois caithfidh tú a bheith i d'fhear nó bean a bhreathnaíonn amach ar an suíomh idirlín de agus cúrsaí margaíochta de agus caithfidh tú seónna a chur in áirithe agus caithfidh tú breathnú amach agus breathnú siar ar chuile píosa obair a rinne tú."

Áfach, feiceann James go bhfuil sé ag dul i dtaithí ar na taobhanna seo den ghnó.

"Chuir duine éicint ráiteas iontach a'am; 'Duine eicínt a thosaíonn aon ghnó, bíonn tú ag codladh ar nós leanbh', mar bíonn leanbh ina dúiseacht chuile darna nó tríú huair ag caoineadh san oíche agus ag paniceáil faoi chuile shórt agus sin é an chaoi a mbíonn sé don chéad chúpla bliain."

"Sin an chaoi a bhíonn sé don chéad cúpla bliain, ach i mbliana - níl mé ag rá go bhfuil rudaí éasca - ach tá níos mó cleachta a'am ar chuile taobh den ghnó."

Buaiteoirí Chontae na Gaillimhe ag Oireachtas 2026

Amhránaíocht ar an Sean-Nós

Faoi 5:

An Chéad Duais: Oscar Ó Ceallaigh, Tuismitheoirí na Gaeltachta, Tír an Fhia, Leitir Móir

An Dara Duais: Siún Ní Ghormáin, Scoil Sailearna, Na hAille, Indreabhán

6 bliana d'aois:

An Chéad Duais: Adhna Éabha Seoige, Cruiminne, Leitir Móir

An Dara Duais: Órlaith Ní Ghionnáin, An Talamh Bán, Leitir Móir

7 mbliana d'aois:

An Chéad Duais:Clíodhna Ní Neachtain, Cois Fharraige

9 mbliana d'aois:

An Chéad Duais: Fiadh Anna Ní Cheallaigh, Tuismitheoirí na Gaeltachta, Tír an Fhia, Leitir Móir

An Dara Duais: Pádraic-Seán Ó Gionnáin, An Talamh Bán, Leitir Móir

10 mbliana d'aois:

An Dara Duais: Síofra Juidín Ní Fhlatharta, Scoil Sailearna, Na hAille, Indreabhán

11 bhliain d'aois:

An Dara Duais: Saoirse Ní Neachtain, Cois Fharraige

12 bhliain d'aois:

An Chéad Duais: Jimmy Ó Curraoin, Na Mine, Indreabhán

Comórtas Cáilithe Amhránaíochta ar an Sean-Nós d'fhir (faoi 35):

An Dara Duais: Colm Ó hÓgáin, Tír an Fhia, Leitir Móir

Sean-Nós na mBan (Daoine Fásta):

An Chéad Duais: Gráinne Ní Fhátharta, Baile na hAbhann

An Dara Duais: Odí Ní Chéilleachair, Na hAille, Indreabhán

Sean-Nós na bhFear (Daoine Fásta):

An Chéad Duais: Rónán Ó Conghaile, Leitir Móir na Coille, Camus

Corn Uí Riada (Daoine Fásta):

An Chéad Duais: Rónán Ó Conghaile, Leitir Móir na Coille, Camus

An Tríú Duais: Evan Ó Gríofa, Poll Uí Mhuirinn, Leitir Móir

Damhsa ar an Sean-Nós

Faoi 18:

An Chéad Duais: Nell Ní Mhainín, Cill Bhriocáin, Ros Muc

An Dara Duais: Ruadhán Ó Fátharta, Tuismitheoirí na Gaeltachta, An Cloich Mhóir, Baile na hAbhann

Daoine Fásta:

An Chéad Duais: Saoirse Ní Dhomhnaill, Foirnis, Leitir Mealláin

An Dara Duais: Bláithín Ní Mhainín, Cill Bhriocáin, Ros Muc

Agallamh Beirte

Faoi 9:

An Chéad Duais: Fiadh Ní Fhinneadha & Aoibhín Ní Dhróna, Scoil Sailearna, Na hAille, Indreabhán

An Dara Duais: Fionn Ó Dubhghaill & Oisín Ó Dubhghaill, Gaelscoil Mhic Amhlaigh, Cnoc na Cathrach

11 bhliain d'aois:

An Dara Duais: Áine Ní Chualáin & Peadar Ó Cualáin, Cladhnach, An Cheathrú Rua,

12 bhliain d'aois:

An Chéad Duais: Síomha Ní Dhubhghaill & Síofra Ní Fhoghlú, Gaelscoil Mhic Amhlaigh, Cnoc na Cathrach

Faoi 17:

An Chéad Duais: Clíodhna Ní Neachtain & Clódagh Ní Neachtain, Cois Fharraige

An Dara Duais: Gearóid Ó Maoilchiaráin & Róisín Nic Craith, Cill Chiaráin

Daoine Fásta:

Duais Speisialta: Coilín Mac Donnacha & Seosamh Mac Donnacha, Cnocán an Bhodaigh, Na Forbacha

Lúibíní

Faoi 10:

An Chéad Duais: Rian Ó Conghaile & Síofra Juidín Ní Fhlatharta, Scoil Sailearna, Na hAille, Indreabhán

An Dara Duais: Isobel Ní Sheasnáin & Aela Dunworth, Scoil Sailearna, Na hAille, Indreabhán

Faoi 13:

An Chéad Duais: Holly Ní Dhonnacha & Ada Ní Thuairisg, Indreabhán

Faoi 17:

An Chéad Duais: Clíodhna & Laoise Ní Neachtain, An Chré Dhubh, An Spidéal,

An Dara Duais: Cuan Canny & Mártan Ó Cualáin, Indreabhán,

Daoine Fásta:

An Dara Duais: Bróna Ní Cheallacháin & Liadan Canny, Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Duais na gColáistí Tríú Leibhéal: Áine Ní Shíocháin & Quinlan Ó Gionáin, Gleann na Madadh

Scéalaíocht

Faoi 8:

An Dara Duais: Cuan Ó Conaola, Tuismitheoirí na Gaeltachta, An Spidéal

Faoi 14:

An Dara Duais: Saoirse Ní Neachtain, Cois Fharraige

Faoi 18:

An Chéad Duais: Tadhg Ó Neachtain, Baile na hAbhann,

Comórtas Cáilithe (Daoine Fásta):

An Dara Duais: Davis Sandefur, Baile an Fhormna, Inis Oírr

Príomhchomórtas (Daoine Fásta):

An Chéad Duais: Máirín Mhic Lochlainn, Baile Ard, An Spidéal

An Dara Duais: Mike P Ó Conaola, Sídheán, An Spidéal

Aithriseoireacht

3-4 bliana d'aois:

An Chéad Duais: Colm Sonaí Ó Gionnáin, An Talamh Bán, Leitir Móir

5 bliana d'aois:

An Dara Duais: Ruadhán Cuíveach Ó Broin, Scoil Sailearna, Na hAille, Indreabhán,

6 bliana d'aois:

An Chéad Duais: Adhna Éabha Seoige, Cruiminne, Leitir Móir

7 mbliana d'aois:

An Dara Duais: Kate Nic Riamh, Scoil Sailearna, Na hAille, Indreabhán

Faoi 11:

An Chéad Duais: Ciara Ní Mháille, Scoil Sailearna, Na hAille, Indreabhán

Faoi 13:

An Dara Duais: Emerson Ó Fátharta, Inis Meáin, Oileáin Árann

Faoi 15:

An Chéad Duais: Niamh Ní Chualáin, Camus Uachtair

An Dara Duais: Lúcás Ó Curraoin, Leitir Péic, An Spidéal

Duais Speisialta: (Don iomaitheoir is fearr thar an iomlán sna comórtais aithriseoireachta)

Niamh Ní Chualáin, Camus Uachtair

Comórtas Amhránaíochta Traidisiúnta do Ghrúpaí

Daoine Fásta:

An Chéad Duais: Loinneog, Cois Fharraige

An Dara Duais: Clann Sonnaí Choilm Learaí, An Corradh Bhuí, Leitir Mealláin

Feadóg Stáin

Faoi 18:

An Chéad Duais: Tara Boyle, An Choill Bheag Íochtair

Ceol Beirte

Faoi 18:

An Chéad Duais: Oisín Boyle & Tara Boyle, An Choill Bheag Íochtair

Amhránaíocht Aonair le Tionlacan Giotar

Daoine Fásta:

An Chéad Duais: Éabha Breathnach, An Sruthán, An Cheathrú Rua

Amhránaíocht Aonair nach Sean-Nós Í

Daoine Fásta:

An Chéad Duais: Éabha Breathnach, An Sruthán, An Cheathrú Rua

Rapcheol

Faoi 10:

An Chéad Duais: Páidí Ó Flaithearta, Scoil na Maighdine Muire gan Smál, Camus



Rónán Ó Conghaile le Corn Uí Riada (Pictiúr: Clive Wasson)



Bairbre De Barra ó Gealán Drámaíocht

Féile ársa na Samhna á cheiliúradh i mBearna

Bhailigh daoine le chéile i Spás Studio, Club Gailf Bhearna, Dé hAoine seo caite chun féile ársa na Samhna a cheiliúradh.

D'eagraigh Spás Studio agus RISE AWILD an ócáid, a thug traidisiúin na hÉireann chun beatha ar bhealach nua-aimseartha.

Bhí scéalaíocht i nGaeilge agus i mBéarla le Bairbre de Barra ó Gealán Drámaíocht, deasghnáth Samhna faoi stiúir Nicole O'Byrne, damhsa le *RISE AWILD* agus DJ Lia, cleachtaí análaithe agus teiripe fuaime le gong. Cuireadh clabhsúr leis an oíche le sabhna faoin aer agus sólaistí blasta an tséasúir.

Tá an ócáid mar chuid de shraith cheiliúrtha Spás Studio ar Fhéilte na Bliana Ceiltí, ina measc Imbolc, Bealtaine, Lughnasadh agus Samhain, chun oidhreacht agus traidisiúin na hÉireann a choinneáil beo agus a cheiliúradh ar bhealach comhaimseartha.



Stiúrthóirí na féile (ó chlé), Nicole O'Byrne, Eva Du agus Bairbre De Barra (Pictiúir: Peter Harkin)